Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

# An Príomh-Chlár Creidmheasa

## Caighdeáin Seirbhíse Bainte Amach Nollaig 2022

Foilsithe Eanáir 2023

# Clár na nÁbhar

An Príomh-Chlár Creidmheasa ........ 3
Caighdeáin Seirbhíse ........ 3
Seirbhísí d'Iasachtaithe in 2022 ........ 4
Seirbhísí chuig Soláthraithe Faisnéise Creidmheasa in 2022 ........ 5
Tuilleadh Eolais ........ 5

# An Príomh-Chlár Creidmheasa

## Is bunachar sonraí náisiúnta é an Príomh-Chlár Creidmheasa a stórálann faisnéis maidir le hiasachtaí do thomhaltóirí agus do ghnóthaí. Baintear úsáid as an bPríomh-Chlár Creidmheasa chun tuarascálacha creidmheasa a chruthú a mbeidh fáil ag iasachtaithe agus iasachtóirí orthu.

Beidh iasachtaithe ábalta a dtuarascálacha creidmheasa a fháil saor in aisce tráth ar bith (faoi réir úsáid chothrom) sa chaoi go mbeidh siad in ann breathnú ar an bhfaisnéis atá á stóráil ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa maidir lena gcuid iasachtaí.

Beidh iasachtóirí ábalta tuarascálacha creidmheasa de chuid iasachtaithe a fháil chun cuidiú leo cinntí a ghlacadh i dtaobh iasachtaí agus iarratas ar iasachtaí. Ní mór d'iasachtóirí do thuarascáil chreidmheasa a fháil má tá iarratas déanta agat ar iasacht €2,000 nó níos mó agus is féidir le hiasachtóirí tuarascáil chreidmheasa a fháil más lú ná €2,000 an iasacht atá iarrtha. Ina theannta sin, is féidir le hiasachtóirí do thuarascáil chreidmheasa a fháil sna cásanna seo a leanas:

- má tá athstruchtúrú ar iasacht reatha iarrtha agat
- má tá riaráistí ar iasacht reatha
- má tá an teorainn ar chárta creidmheasa nó ar rótharraingt sáraithe agat.

Baineann an Banc Ceannais úsáid as an bhfaisnéis atá ar fáil ar an bPríomh-Chlár Creidmheasa chun léargas níos fearr a fháil ar threochtaí náisiúnta sa soláthar creidmheasa.

Ar an gcaoi sin, tacaíonn an Príomh-Chlár Creidmheasa le hoibleagáidí agus feidhmeanna an Bhainc Ceannais chun tomhaltóirí a chosaint, an earnáil airgeadais a mhaoirsiú agus cobhsaíocht airgeadais a chinntiú.

# Caighdeáin Seirbhíse

Chun an trédhearcacht a bhaineann le hoibriú an Phríomh-Chláir Creidmheasa a fheabhsú, leagtar amach sa doiciméad seo feidhmíocht an Bhainc Ceannais i gcomparáid leis na caighdeáin seirbhíse atá glactha aige i leith seirbhísí a chuirtear ar fáil d'iasachtaithe agus do Sholáthraithe Faisnéise Creidmheasa.

Tá liosta iomlán de Sholáthraithe Faisnéise Creidmheasa le fáil ar an leathanach foilseacháin.

## Seirbhísí d'Iasachtaithe in 2022

| Seirbhís | Sprioc | Feidhmíocht | | | | Líon iomlán iarrtha go dtí seo i mbliana |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Eanáir - Márta | Aib - Meith | Iúil - MF | DF - Nollaig | |
| Iarratais ar thuarascálacha creidmheasa[2] | 85% curtha i gcrích laistigh de 5 lá | 13% | 69% | 99% | 99% | 36,553 |
| Iarratais ar leasuithe[3] | 50% curtha i gcrích laistigh de 20 lá | 57% | 62% | 47% | 55% | 1,007 |
| Iarratais ar ráitis míniúcháin[4] | 85% curtha i gcrích laistigh de 5 lá | 81% | 79% | 100% | 92% | 179 |

*I ráithe 4, baineadh amach nó sáraíodh na spriocanna um chaighdeáin seirbhíse i leith na n-iarratas go léir a fuarthas ó iasachtaithe. I gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, tháinig méadú 35 faoin gcéad ar na hiarratais a fuarthas ar thuarascálacha creidmheasa in 2022. Ar an gcaoi chéanna, tháinig méadú 43 faoin gcéad ar na hiarratais ar leasuithe a fuarthas ó iasachtaithe in 2022. Chuaigh leibhéil feidhmíochta seirbhíse in olcas go luath sa bhliain 2022 mar gheall ar an éileamh méadaithe seo. Tá feabhas suntasach tagtha ar an bhfeidhmíocht seirbhíse, áfach, tar éis gníomhartha feabhais a chur chun feidhme, agus tá an fheidhmíocht sin os cionn na spriocleibhéal anois.*

Nóta eolais:

1. Déantar na caighdeáin go léir a mheas ón tráth a bheidh iarratas bailí i.e. a luaithe a bheidh na doiciméid tacaíochta go léir faighte.
2. Má chreideann iasachtaí go bhfuil faisnéis ar a t(h)uarascáil chreidmheasa mícheart nó neamhiomlán nó nach bhfuil an fhaisnéis sin cothrom le dáta, tá an ceart aige/aici a iarraidh go gceartófar an fhaisnéis sin. Glacfaimid cinneadh maidir le hiarratas den sórt sin tráth nach déanaí ná 40 lá tar éis dúinn iarratas bailí a fháil.
3. Is ionann ráiteas míniúcháin agus ráiteas 200 focal ar a mhéad a chuirfidh iasachtaí ar a t(h)uarascáil chreidmheasa, ar ráiteas é ina míneofar teagmhas nó imthosca áirithe a bhaineann lena gcuid iasachtaí.

## Seirbhísí chuig Soláthraithe Faisnéise Creidmheasa in 2022

| Seirbhís | Sprioc | Feidhmíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Eanáir - Márta | Aib - Meith | Iúil-MF | DF-Nollaig |
| Aga Freagartha an Chórais | 95% de fhreagairtí in ≤ 4 soicind | 98.7% | 97.0% | 97.3% | 99.2% |
| Inúsáidteacht an Chórais | 97.5% d'uaireanta inúsáidteachta | 99.9% | 99.9% | 99.9% | 99.9% |
| Uaslódáil comhad | 98% d'uaslódáil comhad curtha i gcrích in ≤ 5 lá | 100% | 100% | 99.6% | 99.5% |
| Líon iomlán na dtuarascálacha creidmheasa eisithe go dtí seo i mbliana | | 2,537,738 | | | |

*I ráithe 4, baineadh amach nó sáraíodh na spriocanna um chaighdeáin seirbhíse i leith na n-iarratas go léir a fuarthas ó Sholáthraithe Faisnéise Creidmheasa. Ar an gcaoi chéanna leis an éileamh méadaithe ó Iasachtaithe, tháinig méadú 37 faoin gcéad ar líon na dtuarascálacha creidmheasa a eisíodh chuig Soláthraithe Faisnéise Creidmheasa in 2022, i gcomparáid leis an líon a eisíodh in 2021.*

# Tuilleadh Eolais

Idirlíon: www.centralcreditregister.ie/ga

https://www.centralcreditregister.ie/ga/iasachtaithe/ceisteanna-coitianta/

https://www.centralcreditregister.ie/ga/su%C3%ADomh-na-niasacht%C3%B3ir%C3%AD/

https://www.centralcreditregister.ie/ga

Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem